



Maidir leis an saothar


Tá an saothar seo de chuid an ealaíontóra Éireannach darb ainm Colin Middleton a rugadh i mBéal Feirste sa bhliain 1910. Bhí mórshuim aige san osréalachas, rud a chiallaíonn gur tharraing a chuid ealaíne le chéile saol síceolaíoch a intinn agus an saol réadúil ina raibh cónaí air.

Chuaigh Middleton go Londain sa bhliain 1928, áit a bhfaca sé taispeántas na saothar Vincent van Gogh agus spreag sé go mór é. An bhfuil aithne agat ar saothair van Gogh? Tá an-cháil ar na bláthanna gréine agus na spéartha réaltaí a phéinteáil sé.

Tugtar *Winter: Camden Street* ar an bpictiúr seo le Colin Middleton. Tá an spéir uigthe agus tá an chuma uirthi go bhfuil níos mó ná gealach amháin inti. Faoi bhun tá sé scartha i ngreillí le bricíní buí agus rua ag breathnú cosúil le soilse i gcathair dhorchá. An bhfuil cuma na péintéireachta seo mar an ngeimhreadh? Cuireann na himreacha gorma aer fuar in iúl don lucht féachanna i ndáiríre.

An bhfuil tú in ísle brí (na *blues*)?

Tá dathanna mór-thimpeall ár saol laethúil agus ní thugaimid faoi deara iad de ghnáth. Féach an féidir leat ceithre rud gorm a aimsiú sa seomra ina bhfuil tú faoi láthair. Seo ceithre cinn a fuair mé féin:




Imreacha an ghoirm

Nuair a thosaíonn tú ag féachaintmór-thimpeall, is féidir leat líon na n-imreacha éagsúla den dath céanna atá ann a fheiceáil. Tá mór-chuid imreacha de gach dath ann agus is minic a dhéanann ár n-intinn iad go léir a tharraingt i ndath amháin.




Is féidir linn na gormacha éagsúla go léir atá mar *Winter: Camden Street* a fheiceáil anseo.



Agus seo pailéad atá ag baint úsáid as gan ach 14 de na gormacha ón bpictiúr. Is féidir leat a fheiceáil tú go bhfuil imir sórt glas ar chuid acu agus go bhfuil cuid eile acu níos dorcha. Tá dath an spáis ar chuid acu agus dath na farraige ar chuid eile acu. Cad a chuireann na gormacha seo i gcuimhne duit?



Ag cruthú gormdhreacha

Anois déanaimis sár-obair dár gcuid féin a chruthú. An riail amháin? Sea, ní bheidh ach gormacha amhán á n-úsáid againn. Is féidir leat aon mheán is mian leat a úsáid agus, níos fearr fós, má tá réimse uirlisí éagsúla agat. Is rogha freisin é an cholláis más mian leat gormacha a ghearradh ó irisí, ó nuachtáin nó ó fhógráin.



Tosóimid leis an leathanach dubh anseo.

D'fhéach Middleton agus Van Gogh ar an spéir agus beimid ag dul céim amháin níos faide anonn le radharc spáis gorm a chruthú. Bailigh do chuid Marsaigh, do chuid Venéasaigh agus do chuid Domhanacha le chéile.



Ansin, greamaigh leat! Ná déan dearmad go gcaithfidh tú cloí leis na gormacha. Má tá péint agat, tá sé seo an-éasca mar is féidir leat raon leathan imreacha a chruthú agus gan ach beagáinín dath níos dorcha (m.sh. dubh, glas) nó dath níos éadroime (m.sh. bán) a chur le do phéint ghorm. Is féidir leat triail a bhaint freisin le do phinn luaidhe, do phinn nó do chuid cailce a leagan chun a fháil amach na dathanna éagsúla is féidir leat a fheiceáil.



Má tá an cúla ró-dhorma do chuid de do phinn, déan iarracht á tharraingt ar leathanach níos éadroime agus á ghearradh amach. Ansin is féidir leat á ghreamú síos le bata pritt.

Nuair a bhfuil tú sásta le do ghormdhreach, glac céim siar ansin agus féach ar na gormacha go léir a chruthaigh tú i do phictiúr.

